2023.M86T

2023L008G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Léann Clasaiceach

## Gnáthleibhéal

## Dé Luain 26 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

400 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.
Ní ceadmhach peann luaidhe ná pionsail dathadóireachta a úsáid **ach amháin** i líníochtaí nó i léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí ar fad sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás ann d'obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Déan aon obair bhreise a lipéadú go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir rud ar bith a scríobhfaidh tú lasmuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn A** | Ceisteanna Spreagtha<br>• Freagair **gach** ceist. | 300 marc |

Tá íomhánna le haghaidh Cheisteanna 1 – 8 i Roinn A ar **Pháipéar X,** atá ag gabháil leis an scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn B** | Freagraí Fada | 100 marc |
| | • Freagair Ceist 11. | (50 marc) |
| | • Freagair ceist **amháin** as Ceisteanna 12 – 16. | (50 marc) |

Is ceadmhach líníochtaí, léaráidí etc. a chur san áireamh, nuair is cuí, sa spás bán atá ar fáil ar leathanach 6 i Roinn A, agus ar leathanaigh 20 agus 25 i Roinn B.

| Roinn A | Ceisteanna Spreagtha | 300 marc |
|---|---|---|

Freagair na **deich** gceist seo a leanas go léir. Tá tríocha marc ag gabháil le gach ceist.
Féach ar na híomhánna ar **Pháipéar X** mar a threoraítear i gCeist 1-8.

**Ceist 1** **(30 marc)**

Dealbha de **thrí** bhandia éagsúla is ea Íomhá A, Íomhá B agus Íomhá C.

**(a)** Roghnaigh Íomhá A, Íomhá B **nó** Íomhá C agus líon isteach an ghreille thíos.

| **Íomhá:** (A, B, **nó** C) | **Ainm Gréagach** | **Ainm Rómhánach** | **Ról** |
|---|---|---|---|
| | | | |

**(b)** Mínigh mar a chuidigh sonra **amháin** ón íomhá roghnaithe leat an bandia a aithint i bpáirt **(a).**

**(c)** Déan achoimre ar mhiotas **amháin** a luaitear le bandia Gréagach / Rómhánach **ar bith**.

**(d)** An dóigh leat go bhfuil bandéithe Gréagacha / Rómhánacha chomh cumhachtach le déithe fireanna? Mínigh do fhreagra.

**Ceist 2** **(30 marc)**

Taispeántar athair Shéas in Íomhá D.

**(a)** Cén t-ainm atá ar athair Shéas? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos.

Atlas ☐ Cronas ☐ Pandóra ☐ Proiméitéas ☐

**(b)** Tabhair cuntas ar mhiotas **ar bith** de chuid na Sean-Ghréige nó na Sean-Róimhe a bhaineann le hathair agus mac leis.

**(c)** Tabhair **dhá** chúis a gceapann tú go mbaineann coimhlint chumhachta lena oiread miotas.

**(d)** Seachas téama na coimhlinte cumhachta, luaigh **trí** cinn de théamaí eile atá coitianta i miotaseolaíocht na Sean-Ghréige / Sean-Róimhe.

**Ceist 3** **(30 marc)**

In Íomhá E taispeántar atógáil de Theampall Veiste sa tSean-Róimh.

**(a)** Cá bhfuil Teampall Veiste suite? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos.

Fóram na Rómhánach ☐ An Cnoc Palaitíneach ☐ Cnoc an Chaipeatóil ☐

**(b)** Ainmnigh **dhá** ghné ailtireachta a bhaineann leis an teampall seo.

**(c)** Cén ról a bhí ag Veiste?

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhualgas a bhíodh ar na Maighdeana Veisteacha sa reiligiún Rómhánach.

**(e)** Cad é do thuairim faoin saol a bhí ag Maighdean Veisteach? Tacaigh le do fhreagra le heolas faoi ról na mban sa tSean-Róimh.

**Ceist 4** **(30 marc)**

In Íomhá F taispeántar aonad coisithe in arm Alastair Mhóir: An Falang Macadónach.
In Íomhá G taispeántar aonad coisithe in arm Iúil Caesar: An Léigiún Rómhánach.

**(a)** Roghnaigh ceann **amháin** de na haonaid coisithe a léirítear sna híomhánna seo agus freagair na ceisteanna a leanas.

Aonad Coisithe Roghnaithe:

**(i)** Mínigh **dhá** ghné a bhaineann leis an aonad coisithe seo, amhail a struchtúr, eagar, ceannaireacht, trealamh, teaicticí, etc. Féadfaidh tú tacú le do fhreagra le léaráid.

Spás Breise le haghaidh léaráid más rogha leat é a úsáid:

**(ii)** Cad a insíonn an t-aonad coisithe seo dúinn faoi chultúr míleata a shochaí?

**(b)** Ainmnigh eachtra mhíleata **amháin** as feachtais Alastair Mhóir **nó** as feachtais Iúil Caesar.

| |
|---|
| |

**(c)** Luaigh **cúig** phointe thábhachtacha faoin eachtra mhíleata a d'ainmnigh tú i bpáirt **(b)**.
Féadfaidh tú tagairt do phointí a bhaineann le:

- tír-raon, eagar, cúrsa an chatha / léigir, teaicticí, ceannaireacht, etc.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |
| 5. |

**(d)** Cén fáth a meastar gur thráth cinniúnach san fheachtas míleata seo an eachtra mhíleata a ainmníodh i bpáirt **(b)**? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(30 marc )**

In Íomhá H taispeántar sochraid sa tSean-Ghréig. In Íomhá I taispeántar sochraid sa tSean-Róimh.

**(a)** Scríobh **ceithre** cinn de na téarmaí le hais a gcuid sainmhínithe sa tábla thíos.

- mórshiúl; sarcafagas; neacrapoil; ungadh; steil; próitéis.

| Sainmhíniú | Téarma |
|---|---|
| suíomh adhlactha lasmuigh den chathair | |
| leagtar amach an corp chun go bhfeicfeadh lucht na sochraide é | |
| giota cloiche snoite a d'úsáidtí chun uaigh a aithint | |
| chlúdaítí an corp le holaí cumhra agus ghléastaí é | |
| cónra chloiche | |
| d'iompraítí an corp chuig an ionad adhlactha | |

**(b)** Roghnaigh Íomhá H **nó** Íomhá I agus déan cur síos ar a bhfuil ar taispeáint san íomhá.

| Íomhá Roghnaithe: | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**(c)** Céard a mhúineann déantáin adhlactha dúinn faoin tábhacht a bhain le freastal ar shochraidí sa tSean-Ghréig agus sa tSean-Róimh? Mínigh do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6** **(30 marc)**

Líníocht den phearsa Philoctetes is ea Íomhá J. Dealbh den phearsa Méidé is ea Íomhá K.

**(a)** Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar *Mhéidé* le hEoiripidéas **nó** ar *Philoctetes* le Sofaicléas, pléigh **dhá** phearsa.

| Pearsa 1: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Pearsa 2: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Cuir tic (✓) sa bhosca chun a léiriú cé acu atá gach ráiteas Fíor **nó** Bréagach.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Féile bhliantúil ab ea Dionysia na Cathrach a raibh íobairt ainmhithe mar chuid di. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Bhíodh comhrá, ceol, amhránaíocht agus damhsa sa Traigéide Ghréagach. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Bhíodh idir fhir agus mhná ina n-aisteoirí in amharclanna sa tSean-Ghréig. | ☐ | ☐ |

**(c)** Tabhair cúis **amháin** a raibh tóir chomh mór sin ar an Traigéide sa tSean-Ghréig.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 7** **(30 marc)**

Is éard atá in Íomhá L ná mósáic Rómhánach de ghliairí agus iad ag troid.

**(a)** Déan cur síos mionsonraithe ar throid gliairí sa Cholasaem.

**(b)** Mínigh **dhá** dhifríocht idir siamsaíocht phoiblí sa tSean-Ghréig agus sa tSean-Róimh.

**(c)** An bhfuil na cineálacha siamsaíochta poiblí atá in Éirinn sa lá atá inniu ann cosúil leo siúd a bhíodh sa tSean-Ghréig **nó** sa tSean-Róimh, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**Ceist 8** **(30 marc)**

In Íomhá M taispeántar Aeinéas agus a theaghlach ag éalú ón Traí.

**(a)** Scríobh na **ceithre** ainm seo in aice leis an gcur síos a dhéantar orthu sa tábla thíos.

- Anchises; Ascanius / Iulus; Creusa; Penates.

| Cur síos | Ainm |
|---|---|
| athair Aeinéas | |
| Déithe an Teaghlaigh | |
| mac le hAeinéas | |
| bean chéile Aeinéas | |

**(b)** Céard a insíonn na gníomhartha a thaispeántar in Íomhá M dúinn faoi charachtar Aeinéas? Bíodh mionsonraí ó Íomhá M agat chun tacú le do fhreagra.

**(c)** Déan cur síos ar **dhá** thráth a chuaigh i bhfeidhm ar chinneadh Aeinéas éalú ón Traí.

**Ceist 9** **(30 marc)**

Léigh Téacs A agus Téacs B thíos, ar téacsanna iad ó *Odaisé* Hóiméir agus ón *Aeinéid* le Veirgil.

**Téacs A:** An *Odaisé,* Leabhar 5.

Chroith glúine Odaiséas agus theip ar a spiorad. Agus é cráite smaoinigh sé go domhain: "Céard atá i ndán domsa i ndeireadh na dála, agus mé i m'ainniseoir bocht? Is beannaithe faoi thrí agus faoi cheathair iad fir mo thíre féin a maraíodh fadó ar mhachairí leathana na Traí agus seirbhís dhílis á tabhairt acu do mhic Aitréas. Faraor nach raibh sé i ndán domsa freisin bás a fháil an lá ar ionsaigh mathshluaite na dTraíoch mé lena sleánna cré-umha os cionn chorp Aichill!"

**Téacs B:** An *Aeinéid,* Leabhar 1.

Ar an bpointe, a ghéaga faon le fuacht an fhaitís, ligeann Aeinéas cnead as agus d'ardaigh sé a dhá bhos i dtreo na réaltaí agus scread sé: "Is beannaithe faoi thrí agus faoi cheathair mo chomrádaithe a raibh sé d'ádh orthu bás a fháil faoi bhallaí arda na Traí – os comhair shúile a dtuismitheoirí! Faraor nár thit mé faoi do lámh dheas – A Dhiomedes, an Gréagach is láidre ar an bpáirc – agus mo bheatha a dhoirteadh amach ar pháirceanna catha na Traí!"

**(a)** Sainaithin mothúchán **amháin** atá le fáil sa dá théacs araon. Luaigh frása **amháin** as gach téacs a chabhraigh leat socrú ar an mothúchán sin.

| |
|---|
| Mothúchán: |
| Téacs A: |
| |
| Téacs B: |
| |

**(b)** Déan cur síos i d'fhocail féin ar a bhfuil ag tarlú i dTéacs A **nó** i dTéacs B.

| Téacs Roghnaithe: | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**(c)** Cé acu laoch, Odaiséas **nó** Aeinéas, ab fhearr a sháraigh dúshláin?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra agus tagairt agat don *Odaisé* **nó** don *Aeinéid.*

**Ceist 10** **(30 marc)**

Léigh Téacs A agus Téacs B thíos a tógadh as **dhá** dhán éagsúla le Horáit.

**Téacs A:** Sliocht as *Óid 2.10*
“Bíodh cuma chróga agus dea-aoibh ort nuair atá an saol crua.”

**Téacs B:** Sliocht as *Óid 1.36*
"Anois an t-am le fíon a ól agus an talamh a lascadh lenár ndamhsa bríomhar.”

**(a)** Roghnaigh Téacs A **nó** Téacs B, agus mínigh a theachtaireacht i d’fhocail féin.

| Téacs Roghnaithe: | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**(b)** An aontaíonn tú le tuairimí Horáit faoi conas maireachtáil go maith? Tabhair samplaí as dán **amháin** ar a laghad as *Óideanna agus Eapóidí* Horáit chun tacú le do fhreagra.

**(c)** Cérbh é Hórait? Luaigh **dhá** phointe ar a laghad faoina shaol.

Cuirtear tús le Roinn B – Freagraí Fada – ar Lch. 16.


| Roinn B | Freagraí Fada | 100 marc |
|---|---|---|

**Ceist 11** **(50 marc)**

Freagair **(a)** agus **(b)** ar na leathanaigh seo a leanas.

**(a)** Roghnaigh Íomhá Y **nó** Íomhá Z.

**Íomhá Y: Amharclann Dhinísis**





**(i)** Scríobh ainmneacha na **gceithre** ghné ailtireachta atá lipéadaithe in Íomhá Y.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |

**NÓ**

**Íomhá Z: An Partanón**




**(ii)** Scríobh ainmneacha na **gceithre** ghné ailtireachta atá lipéadaithe in Íomhá Z.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |

**(b)** Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo.

**(i)** Pléigh an tábhacht a bhain le hAmharclann Dhinísis **nó** leis an bPartanón i sochaí na Sean-Aithne. Féadfaidh tú teidil amhail na cinn thíos a úsáid.

- polaitiúil; reiligiúnach; cultúrtha.

**NÓ**

**(ii)** Déan cur síos ar an méid a tharla san Aithin le linn Dionysia na Cathrach **nó** an Panathenaea. Féadfaidh tú cur síos ar conas a d'úsáidtí Amharclann Dhinísis **nó** an Partanón le linn na féile a chur san áireamh i do fhreagra.

**NÓ**

**(iii)** Samhlaigh go bhfuil tú ag freastal ar ócáid in Amharclann Dhinísis **nó** sa Phartanón sa tSean-Ghréig. Déan cur síos ar d'eispéireas. Féadfaidh tú scríobh ó dhearcadh duine atá ag glacadh páirt san ócáid **nó** duine atá ag breathnú uirthi.

Spás Pleanála más rogha leat é a úsáid:

Freagra ar Cheist 11 (b), páirt

Spás Freagartha le haghaidh líníochtaí, léaráidí etc., más rogha leat é a úsáid:

Freagair ceann **amháin** de na cúig cheist thíos anseo.

**Ceist 12** **(50 marc)**

Freagair **(a)** agus **(b)**.

**(a)** Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar *Mhéidé* le hEoiripidéas **nó** ar *Philoctetes* le Sofaicléas, pléigh **aon** mhórchinneadh tábhachtach amháin a dhéanann pearsa.

**(b)** An ndearna an phearsa an cinneadh ceart, dar leat? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don téacs.

**NÓ**

**Ceist 13** **(50 marc)**

Freagair **(a)** agus **(b)**.

**(a)** Déan cur síos ar thráth **amháin ar a laghad** nuair a mhothaigh tú gur chaith an chinniúint nó na déithe go dona le pearsa. Féadfaidh tú leas a bhaint as samplaí ó Shnáithe **ar bith** ar do chúrsa**.**

**(b)** Cén tuairim atá agat maidir le ról agus nádúr na ndéithe? Tacaigh le do fhreagra le samplaí ó Shnáithe **amháin ar a laghad** ar do chúrsa.

**NÓ**

**Ceist 14** **(50 marc)**

Freagair **(a)** agus **(b)**.

**(a)** Tabhair cuntas ar shampla **amháin** d'áit ar thaispeáin údar claontacht / fabhar, dar leat, sa léiriú a rinne sé ar Alastar Mór **nó** ar Iúil Caesar.

**(b)** Cén tuairim atá agat féin faoi charachtar Alastair Mhóir **nó** Iúil Caesar? Tacaigh le do fhreagra le fianaise ó théacs ar bith.

**NÓ**

**Ceist 15** **(50 marc)**

Pléigh meon Alastair Mhóir **agus / nó** meon Iúil Caesar i leith na ndaoine cloíte. Tacaigh le do fhreagra le samplaí den chaoi ar caitheadh leis na daoine cloíte.

**NÓ**

**Ceist 16** **(50 marc)**

Freagair **(a)** agus **(b)**.

**(a)** Déan cur síos ar ghnéithe ailtireachta an Phaintéóin sa Róimh **nó** an Eirictéóin san Aithin.

**(b)** Cén fáth a meastar gur sárshaothair ailtireachta iad an dá fhoirgneamh seo, dar leat? Tagair don **dá** theampall i do fhreagra ar páirt **(b)**.

Spás Pleanála más rogha leat é a úsáid:

Freagra ar Cheist

Spás Freagartha le haghaidh líníochtaí, léaráidí etc., más rogha leat é a úsáid:

Spás breise le haghaidh do fhreagra:

## Admhálacha

**Téacsanna:**

Lch. 12: Homer. *Odyssey.* Trans. E.V. Rieu. Ed. Dominic Rieu. London: Penguin Books, 2003.

Virgil. *The Aeneid.* Trans. David West. London: Penguin Books, 2003.

Lch. 14 Horace. *Ode* 2.10, l: 21-22.

Horace. *Ode* 1.37, l: 1-2.

**Íomhánna:**

Lch. 16 - https://quizlet.com/249642711/typical-greek-theater-plan-diagram/
Lch. 17 - https://www.dkfindout.com/us/history/ancient-greece/parthenon/

Ná scríobh ar an leathanach seo.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Léann Clasaiceach

Dé Luain 26 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30